2027.M56S1T

2027L033G1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 1

# Gnó

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Dáta Breithe** | / / |
| **Stampa an Ionaid** | |

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

## Treoracha

Tá **cúig** cheist ar an bpáipéar seo.

| | |
|---|---|
| Ceist 1 | 90 marc |
| Ceist 2 go 5 | 70 marc an ceann |

Freagair **Ceist 1** agus **trí cheist ar bith eile**.

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás breise ag deireadh cheist a haon agus i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Tá Ceist 1 éigeantach. Freagair gach cuid de.**

**Ceist 1** **Saol an Ghnó** **(90 marc)**

# Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. Réidh do Mhéadú Domhanda

### Súil á caitheamh ar an Eoraip agus ar an Áise ag Cuideachta Cúraim Cnis as Éirinn a bhfuil an-rath uirthi

Cuideachta rathúil as Éirinn is ea Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. a bhfuil cúram cnis do mhná agus d'fhir mar shainréimse aici. Tá méadú seasta tagtha ar an ngnólacht in Éirinn agus é beartaithe aige anois leathnú chuig an Eoraip agus an Áise.

Tá an chuideachta á spreagadh ag an bhfás atá ag teacht ar an éileamh ar tháirgí orgánacha agus an deis atá ann airgead a shábháil de bharr barainneacht scála.



### Oiriúnú do Mhargaí Nua

Cé gur glacadh go maith lena gcuid táirgí in Éirinn, tá foireann bainistíochta na cuideachta aireach ar dhifríochtaí ó thaobh cultúir, teanga, traidisiúin agus leibhéal ioncaim sna margaí nua. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an ngnólacht gnéithe dá cumasc margaíochta a athrú chun tomhaltóirí idirnáisiúnta a mhealladh. Tuigeann an chuideachta go mbeidh sé ríthábhachtach taighde margaidh a dhéanamh sula rachfar isteach sna margaí sin. Beidh sé riachtanach dóibh aiseolas díreach a fháil ó thomhaltóirí féideartha agus anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ann faoi threochtaí margaidh i ngach tír.

### Maoiniú agus Cúinsí Airgeadais

Tá Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. ag machnamh ar roghanna éagsúla maoinithe, amhail iasacht fhadtéarmach a fháil nó infheisteoirí a lorg. Chomh maith leis an riosca airgeadais, tá imní ar an gcuideachta maidir leis na hathruithe ar rátaí malairte agus maidir le gnólachtaí seanbhunaithe sna tíortha nua.

### Infheistiú i nDaoine agus sa Teicneolaíocht

Chun tacú lena chuid fáis, fostóidh an gnólacht saorchruthaitheoirí inneachair chun a chuid táirgí a chur chun cinn i measc lucht spéise nua. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gcuideachta infheistiú i dteicneolaíocht nua chun méadú ar éileamh a láimhseáil agus chun cumarsáid éifeachtach a chinntiú. Le déanaí, rinne an fhoireann anailís réimse fórsa le hiniúchadh a dhéanamh ar na fórsaí spreagtha agus srianta a bhaineann leis an leathnú.

**(a)** **(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an struchtúr úinéireachta faoina bhfeidhmíonn Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. a chur in iúl.

Cuideachta Phríobháideach Theoranta ☐

Trádálaí Aonair ☐

**(ii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Sampla de bhloc trádála is ea an tAontas Eorpach (AE). | | |
| Feabhsófar comhardú na nÍocaíochtaí ag Éirinn má thagann méadú ar easpórtálacha Tháirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. | | |
| Is éard atá i dtaraif ná cosc ar earraí ar leith a iompórtáil isteach i dtír. | | |

**(b)** Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh sé go mbeadh ar Tháirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. a phacáistiú (fianaise fhisiceach) agus a phraghas a choigeartú agus é ag leathnú isteach i margaí idirnáisiúnta.

| Pacáistiú (Fianaise fhisiceach): |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| Praghas: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** *Rinne Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. anailís réimse fórsa le hiniúchadh a dhéanamh ar na fórsaí ar son (fórsaí spreagtha) agus na fórsaí in aghaidh (fórsaí srianta) an leathnaithe.*

Agus úsáid á baint as samplaí ón téacs, sainaithin **dhá** fhórsa spreagtha agus **dhá** fhórsa srianta maidir leis an méadú ar Tháirgí Orgánacha SíorLuisne Teo..

| Fórsaí Spreagtha |
|---|
| 1 |
| 2 |
| Fórsaí Srianta |
| 1 |
| 2 |

**(d)** *Beidh sé ríthábhachtach taighde margaidh a dhéanamh sula rachaidh Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. isteach sna margaí nua sin.*

Pléigh **dhá** chineál taighde margaidh is féidir le Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. a dhéanamh sula leathnóidh siad a ngnólacht.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** *Chun tacú lena chuid fáis, fostóidh an gnólacht saorchruthaitheoirí inneachair chun a chuid táirgí a chur chun cinn i measc lucht spéise nua.*

Sainaithin **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste d'oibrí a théann i mbun oibre mar shaoroibrí

| |
|---|
| Buntáistí |
| 1 |
| |
| 2 |
| |
| Míbhuntáistí |
| 1 |
| |
| 2 |
| |

**(f)** *Tá roghanna éagsúla maoinithe á mbreithniú ag Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo.*

Sainaithin foinse oiriúnach mhaoinithe is féidir le Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. a úsáid chun a gcuid pleananna a mhaoiniú. Tabhair cúis le do rogha.

| |
|---|
| Foinse Mhaoinithe: |
| Cúis: |
| |
| |
| |
| |

**(g)**



Tá imní ar bhainisteoirí i dTáirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. faoi dhúshláin chumarsáide sa ghnólacht leathnaithe. Beidh fostaithe lonnaithe i dtíortha éagsúla. Cé go bhfuil meas ag bainisteoirí ar an idirghníomhú pearsanta, aithníonn siad go bhfuil cruinnithe ina mbíonn daoine i láthair go pearsanta neamhphraiticiúil. Anois tá an chuideachta ag tabhairt aghaidh ar an deacracht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le tomhaltóirí ar fud an domhain.

Pléigh na bealaí ar féidir le Táirgí Orgánacha SíorLuisne Teo. an teicneolaíocht a úsáid chun na dúshláin chumarsáide a d'fhéadfadh a bheith acu agus a bhfuil cur síos orthu thuas a shárú.

| |
|---|
| Dúshlán: |
| Réiteach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Dúshlán: |
| Réiteach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise do fhreagraí ar Cheist 1.
Lipéadaigh gach cuid go soiléir.

**Freagair trí cheist ar bith as ceisteanna 2,3,4 nó 5.**

**Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ceist 2** **(70 marc)**

**(a)**

amazon

Tá Amazon, a bhunaigh Jeff Bezos in 1994, ar cheann de na miondíoltóirí idirlín is mó ar domhan.
Tá a chuid scaireanna liostaithe go poiblí ar an stocmhargadh.

**(i)** Roghnaigh na focail chearta ón liosta atá curtha ar fáil chun an abairt thíos a chríochnú. (tá dhá fhocal ann nach mbeidh in úsáid)

**Príobháideach** **Poiblí** **Neamhtheoranta** **Teoranta**

Feidhmíonn Amazon mar chuideachta liostaithe________________ a bhfuil dliteanas

__________________ ag a cuid úinéirí.

**(ii)** Cuir tic (✓) sa bhosa ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tugtar scairshealbhóirí ar úinéirí cuideachta. | | |
| Is éard atá i gceist le príobháidiú ná gnólacht a aistriú ón rialtas chuig an earnáil phríobháideach. | | |
| Tá comharchumann faoi úinéireacht an rialtais agus á rialú aige. | | |

**(b)** Mar gheall ar fhadhbanna Acmhainní Daonna, tharla stailceanna agus agóidí i saoráidí Amazon sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcodanna den Eoraip.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le coinbhleacht in ionad oibre.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag coinbhleacht ar ionad oibre.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh **dhá** mhodh inmheánacha a d'fhéadfadh bainisteoirí in Amazon a úsáid chun coinbhleacht fostaithe a réiteach.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an tsamhail ghnó is fearr a chuireann síos ar gach ceann de na gnólachtaí ar líne atá liostaithe thíos a chur in iúl.


| Gnólacht | Margadh | Síntiús | Slua-mhaoiniú |
|---|---|---|---|
| ebay | | | |
| gofundme | | | |
| NETFLIX | | | |

**(ii)** Déan cur síos ar cheann **amháin** de na samhlacha gnó seo a leanas

- Margadh
- Síntiús
- Slua-mhaoiniú

| Samhail Ghnó: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)**



**Beagnach €100m goidte de bharr calaoise agus camscéimeanna in Éirinn in 2023**

Tugadh le fios i dtuarascáil go raibh calaois cártaí freagrach as 36% d'ollchaillteanais chalaoise in 2023 agus gur eascair 34% de na caillteanais iomlána ó aistrithe leictreonacha neamhúdaraithe.

**(i)** Mínigh **trí** bhealach inar féidir le tomhaltóirí iad féin a chosaint in aghaidh na calaoise.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tá roinnt ceart ag tomhaltóirí agus iad ag úsáid seirbhísí digiteacha.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ní mór do sholáthraithe seirbhísí digiteacha san AE fógra a thabhairt do thomhaltóirí sula n-athraíonn siad a gcuid téarmaí seirbhíse. | | |
| Tá tréimhse shuaimhnithe 14 lá ag tomhaltóirí san AE chun seirbhís a chur ar ceal gan chúis. | | |
| Tá níos mó cosaintí dlíthiúla ag tomhaltóirí agus iad ag ceannach ó mhiondíoltóir nach bhfuil san AE i gcomparáid le tomhaltóirí a cheannaíonn laistigh den AE. | | |

**Ceist 3** **(70 marc)**

**(a)** Ghlac 99% den 500 cuideachta is mó san Eoraip páirt i dtuairisciú CSR (*ESG i mBéarla*) de chineál éigin.




**(i)** Cad dó a seasann na litreacha CSR? (Scríobh do fhreagra sa spás thíos)


| C | S | R |
|---|---|---|
| | | |

**(ii)** Seo thíos liosta topaicí a bhíonn san áireamh go minic i dtuarascáil CSR.

Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart an réimse den tuarascáil CSR lena mbaineann gach topaic thíos. (Tá topaic amháin comhlánaithe duit.)

| | C | S | R |
|---|---|---|---|
| Leas Fostaithe | | ✓ | |
| Truailliú a Chosc | | | |
| Rannpháirtíocht sa Phobal | | | |
| Struchtúr an Bhoird Stiúrthóirí | | | |

**(b)** Dar le IrishJobs.ie dhiúltódh beagnach leath de chuardaitheoirí poist na hÉireann do thairiscint ar phost mura mbeadh roghanna cianoibre san áireamh inti.



Sainaithin **dhá** thairbhe agus **dhá** dhúshlán a bhaineann leis an gcianobair i gcás fostaí.

| |
|---|
| Tairbhí |
| 1 |
| |
| 2 |
| |
| Dúshláin |
| 1 |
| |
| 2 |
| |

**(c)** Luaigh **dhá** bhealach inar féidir le bainisteoir folláine chorparáideach a chur chun cinn.

| |
|---|
| 1 |
| |
| 2 |
| |

**(d)**

Ibec
Don Ghnó in Éirinn

Tá sé beartaithe ag 84% de ghnólachtaí pá a ardú in 2025 de réir suirbhé a rinne IBEC.

Bunaithe ar an reachtaíocht reatha, mínigh **dhá** cheart atá ag fostaithe, ar cearta iad a bhaineann le pá.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc, seachas pá, a d'fhéadfadh spreagadh fostaithe a fheabhsú san ionad oibre.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(f)**



Tá an ceart chun socruithe solúbtha oibre a iarraidh do thuismitheoirí agus cúramóirí mar cheanglas i dTreoir an Aontais Eorpaigh (AE) maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil.

**(i)** Sainaithin **dhá** institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) a cheapann beartais.

| |
|---|
| 1 |
| 2 |

**(ii)** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

- Tá **treoir / rialachán** ón AE infheidhmithe i ngach Ballstát de chuid an AE le héifeacht láithreach.
- Ceadaíonn **tuairim / rialachán** ón AE d'institiúid de chuid an AE ráiteas a dhéanamh nach bhfuil ina cheangal de réir dlí.

**(g)** Déan cur síos ar **dhá** thairbhe a bhaineann geilleagar na hÉireann as ballraíocht san AE.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(70 marc)**

**(a)** Tá sé beartaithe ag Claire cuntas coigiltis a chur ar bun agus tá sí ag smaoineamh ar cheann de na roghanna a thaispeántar thíos a phiocadh.

**Rogha 1: Trade Republic**

| | | | |
|---|---|---|---|
| TRADE REPUBLIC | **Cuntas Coigiltis** | Níl íostéarma i gceist | Rochtain Láithreach |
| | Scéim Ráthaíochta Éarlaise | Uaschoigilteas / Íoschoigilteas (éarlais iomlán) €1 / €50,000 | 3.75% AER |

**Rogha 2: Banc na hÉireann**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bank of Ireland | **Cuntas SuperSaver (Sárchoigilteora)** | Níl íostéarma i gceist | Rochtain Shrianta |
| | Scéim Ráthaíochta Éarlaise | Uaschoigilteas / Íoschoigilteas (éarlais iomlán) €5 / €2,500 | 3.00% AER |

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cé acu rogha choigiltis a mholfá do Claire.

| | |
|---|---|
| Rogha 1: Trade Republic | |
| Rogha 2: Banc na hÉireann | |

**(ii)** Tabhair cúis le do fhreagra.

**(iii)** Cad dó a sheasann na litreacha RCB (*AER i mBéarla*)? (Scríobh do fhreagra sa spás thíos)

| R | C | B |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc, seachas rátaí úis, ar cheart do dhuine iad a bhreithniú sula roghnódh sé/sí áit chun a c(h)uid airgid a choigilt.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann tomhaltóirí as cuntas a bhunú le banc digiteach amhail Trade Republic.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(d)**

**Ar cheart d'Éirinn aithris a dhéanamh ar an bhFrainc maidir le dul i ngleic le mearfhaisean?**

Mar iarracht cur le geilleagar níos ciorclaí, tá reachtóirí sa Fhrainc ag iarraidh tobhach (táille) a chur ar earraí a cheannaítear ó mhórchuideachtaí mearfhaisin, amhail Shein agus Temu.

**(i)** Mínigh an téarma geilleagar ciorclach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** ábhar imní a bhíonn ag tomhaltóirí na hÉireann ó thaobh eitice agus iad ag ceannach ó mhiondíoltóirí ar líne.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Úsáideann gnólachtaí teicnící éagsúla chun a gcuid táirgí agus a gcuid seirbhísí a chur chun cinn i measc na ndaoine a bhfuil siad dírithe orthu.
Mínigh **dhá** straitéis a úsáideann gnólachtaí chun a dtáirgí a chur chun cinn.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(f)**




Is uirlisí iad beartas agus reachtaíocht an rialtais a úsáideann an rialtas chun tír a bhainistiú go héifeachtach.

**(i)** Roghnaigh na focail chearta ón liosta atá curtha ar fáil chun na habairtí thíos a chríochnú. (tá focal amháin ann nach mbeidh in úsáid)

**Siombailí** **Dlíthe** **Pleananna**

Is éard atá i mbeartais an rialtais ná ______________________ ina leagtar amach cuspóir an rialtais. Is ____________________ nach mór do gach duine aonair agus eagraíocht cloí leo atá sa reachtaíocht.

**(ii)** Sainaithin beartas rialtais **amháin** agus déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeartas sin ar aon earnáil de gheilleagar na hÉireann.

| |
|---|
| Beartas Rialtais: |
| Tionchar: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(70 marc)**

**(a)**



Rinne Alice Kelly, báicéir atá 21 bliain d'aois agus a bhfuil 1.4 milliún leantóir TikTok aici, bácús soghluaiste as bosca capaill. Anois tá sé mar aidhm aici a gnólacht a mhéadú ainneoin dhúshláin an bhoilscithe.

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu an costas seasta nó costas athraitheach é gach ceann de na costais seo a leanas.

| Costais | Seasta | Athraitheach |
|---|---|---|
| Cíos míosúil don ionad bácúis | | |
| Costas na gcomhábhar | | |
| Íocaíochtaí léasa ar threalamh | | |

**(ii)** Agus í ag pleanáil le haghaidh a gnólachta, tá sé i gceist ag Alice cuspóirí SICRU (*SMART i mBéarla*) a úsáid.
Cad dó a sheasann na litreacha SICRU? Líon isteach na spásanna bána thíos.

| | |
|---|---|
| **S** | Sonrach |
| **I** | |
| **C** | |
| **R** | Réalaíoch |
| **U** | |

**(b)** Mínigh feidhm **amháin** a bheadh ag staidéar féidearthachta agus smaoineamh nua gnó á fhorbairt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** thacaíocht a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur ar fáil do Alice mar fhiontraí nua.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an mboilsciú ar ghnólacht Alice.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán, seachas boilsciú, atá le sárú ag fiontraithe in Éirinn.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(f)** De réir Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chosaint Sonraí in 2023, tháinig méadú de 20% ar na fógraí bailí maidir le sárú ar shonraí a fuair an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

**An Coimisiún um Chosaint Sonraí**
Data Protection Commission

Bunaithe ar dhlí reatha an AE, tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag tomhaltóirí maidir le cosaint a sonraí pearsanta.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(g)** Tá iasachtaí ar luach breis is €215m curtha ar fáil ag an eagraíocht airgeadais shóisialta Clann Credo d'eagraíochtaí seachbhrabúsacha amhail grúpaí deonacha, clubanna spóirt agus fiontair shóisialta.

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an cineál gnó (poiblí, príobháideach nó seachbhrabúsach) is fearr a chuireann síos ar gach ceann de na gnólachtaí atá liostaithe thíos, a chur in iúl.

| | **Poiblí** | **Príobháideach** | **Seachbhrabúsach** |
|---|---|---|---|
| RYANAIR | | | |
| Iarnród Éireann Irish Rail | | | |
| Barnardos | | | |

**(ii)** Déan cur síos ar dhá bhealach ina gcuireann fiontair sheachbhrabúsacha le geilleagar na hÉireann.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Admhálacha

Íomhánna
Lch 3 www.pickpik.com
Lch 8 www.stockvault.net
Lch10 www.amazon.com/
Lch 12 www.netflix.com
Lch 12 www.gofundme.com
Lch 12 www.ebay.ie
Lch 14 www.irishexaminer.com
Lch 16 www.stock.adobe.com
Lch 19 https://european-union.europa.eu/index_en
Lch 21 www.bonkers.ie
Lch 25 www.thebluediamondgallery.com/legal/legislation.html
Lch 29 www.ryanair.com/ie/en
Lch 29 www.irishrail.ie/en-ie/
Lch 29 www.barnardos.ie/

Téacs
Lch 11 https://www.rte.ie/news/business/2024/0919/1470765-amazon-ireland
Lch 14 https://www.irishexaminer.com/business/economy/arid-41405450.html
Lch 16 https://www.forbes.com/sites/jonmcgowan/2024/04/30/72-of-european-companies-include-disability-in-their-esg-sustainability-reports/
Lch 18 https://www.ibec.ie/connect-and-learn/media
Lch 21 https://www.bonkers.ie/compare-savings-accounts/ de réir 31/07/24
Lch 23 https://www.breakingnews.ie/ireland/ireland-should-follow-france-in-tackling-fast-fashion-says-charity-retail-ireland-chair-1608312.html
Lch 26 https://www.rte.ie/lifestyle/living/2024/0227/1361422-how-an-18-year-old-turned-a-60s-pony-box-into-a-portable-bakery/
Lch 28 https://www.dataprotection.ie/en/news-media/press-releases/data-protection-commission-publishes-2023-annual-report

D'fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gnó

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad